Acmhainn 10 (Gníomh 5)

Caidreamh Collaí Sábháilte (STIs)

Miotais áirithe faoi Ionfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha.

Freagair fíor nó bréagach trí tic a chur sa bhosca chuí i ndiaidh na ráiteas seo a leanas.

	Fíor	Bréagach
Ba cheart go mbeidh a fhios agat má tá STI ort		
Ní fhaigheann ach daoine salacha STIs		
Is féidir STI a thógáil an chéad uair a bhíonn caidreamh collaí agat		
Is féidir é a thógáil ó a) clár leithris, b) linn snámha, c) folcadán		
Is féidir STI a thógáil níos mó ná uair amháin		
Cuidíonn coiscíní le gan níos mó STIs a thógáil		
Leathann pógadh STIs		
Is féidir níos mó ná STI amháin a bheith agat ag an am amháin		
Ní féidir STIs a thógáil muna mbíonn caidreamh collaí agat		
Níl leigheas ar bith ar STIs		
Imeoidh comharthaí STI má fhanann tú fada go leor		
Má imíonn comharthaí STI, tá an STI sin leigheasta		
Tá borradh ar STIs sa tsochaí againne		
Caidreamh collaí a bheith agat leis an aon pháirtí amháin, a bhfuil a stair ghnéasach ar eolas agat, is dóigh éifeachtach é sin gan STI a thógáil		

Acmhainn 10 (Gníomh 5)

Caidreamh Collaí Sábháilte (STIs) – Bileog Freagraí

1. Bréagach

2. Bréagach

3. Fíor

4. Bréagach

5. Fíor

6. Fíor (ní mór a bheith cúramach le húsáid coiscíní)

7. Cé nár cláraíodh go fóill cás ionfhabhtú VEID tríd an phógadh, tá baol ionchasach leis mar go bhfuil tiúchan íseal VEID i láthair sa tseile. Tá féidearthacht ann an galar a chur ar aghaidh má tá ionfhabhtuithe béil atá ag cur fola ag an dá pháirtí.

8. Fíor

9. Bréagach

10. Bréagach. Tá tromlach na STIs inleigheasta. Cé nach bhfuil leigheas ar fáil go fóill ar SEIF ná ar an Heipitíteas B, áfach, tá an mhíochaine nua-aimseartha in ann cur go mór le hionchas saoil othar a bhfuil na galair seo orthu. Tá vacsaín ar fáil don Heipitíteas B. Is féidir le hionfhabhtuithe víreasacha, amhail heirpéas agus faithní na mball giniúna, teacht ar ais.

11. Bréagach. Cruthóidh gach STI nach gcuirtear cóir leighis air mórfhadhbanna sláinte agus, i roinnt cásanna, tabharfaidh sé bás.

12. Bréagach. Má dhéantar tástáil ar dhuine agus má thugtar cóir leighis do dhuine chomh luath agus is féidir, is fusa an galar a leigheas agus is lú damáiste a dhéantar sa chuid is mó de na cásanna.

13. Fíor. Is coitianta STIs i sochaí s'againne mar go mbíonn daoine páirteach i gcaidreamh collaí níos minice agus ag aois is óige, le líon páirtithe atá ag méadú agus gan chosaint.

14. Fíor. Daoine a mbíonn caidreamh collaí acu le níos mó ná páirtí amháin, nó le páirtí nach bhfuil a stair ghnéasach ar eolas acu, bíonn na daoine sin i mbaol. Le fírinne, tá ceangal gnéasach acu le gach páirti gnéasach a bhí ag a bpáirtí. Lánúineacha a bhíonn go hiomlán dílis dóibh féin agus nach raibh páirtí gnéasach ar bith acu riamh, ní théann siad i mbaol STI ar bith a thógáil.

Acmhainn 11 (Gníomh 5)

Cad Iad Na STIs Coitianta?

Is féidir STIs a chur ar aghaidh trí chaidreamh collaí agus trí theagmháil béil leis na baill ghiniúna. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go gcaithfidh dochtúir cóir leighis a chur fosta ar pháirtí an duine atá ionfhabhtaithe.

Ionfhabhtú	**Cúis**	**Comharthaí**	**Cóir Leighis**
SEIF/VEID	Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna	Seans nach mbeidh comharthaí infheicthe ar bith	Is féidir go gcuirfear moill ar theacht SEIF má chóireáiltear VEID le drugaí
Clamaidia	Ionfhabhtú Baictéarach	Pian pheilbheach Pian ag déanamh fuail Ag cur fola idir míostrú Sileadh faighne Fiabhras, agus teocht ard fosta	Inchóireáilte
Faithní na mball giniúna	Víreas cosúil leis an cheann is cúis le gnáthfhaithní craicinn	Siadaí feolmhara ar na baill ghiniúna An-choitianta	Tá réimse cóireálacha ar fáil Ba cheart do mhná tástáil smearaidh bliantúil a fháil i ndiaidh dóibh an t-ionfhabhtú a thógáil

Acmhainn 12 (Gníomh 5)

Derek agus Deirdre –
Réidh Le Bhur gCruachásanna Caidrimh A Réiteach! (1 de 5)

Derek, a chara

Tá mé ag siúl amach le Susan le cúpla mí anuas agus tá an-bhá agam léi. Níl spéis aici i níos mó ná pógadh agus muirniú a dhéanamh. Ní miste liom mar níor mhaith liom tabhairt uirthi rud a dhéanamh nach bhfuil sí sásta a dhéanamh, agus níl deifir ar bith orm dul níos faide cibé ar bith.

Is é an fhadhb go raibh mé ag déanamh mórtais as leis na leaideanna, ag ligean orm féin go ndearna mé an t-iomlán dearg léi. Tá a fhios agam gur bheart bómánta é, ach ba dheacair gan é a dhéanamh nuair a thosaigh siad ag fiafraí agus ag déanamh mórtais as a bhfuil déanta acusan. Anois tá fíoreagla orm go gcluinfidh Susan faoi. Ghortófaí go mór í, agus níor mhaith liom í a chailleadh.

Cad é ba cheart dom a dhéanamh?

Iain Imníoch

Cad é an fhadhb?

_____

_____

Cad iad na roghanna aicsin atá ag Iain?

_____

_____

Cad é ba cheart dó a dhéanamh?

_____

_____

Cén chomhairle ghinearálta a thabharfá d'Iain don todhchaí?

_____

_____

Acmhainn 12 (Gníomh 5)

Derek agus Deirdre –
Réidh Le Bhur gCruachásanna Caidrimh A Réiteach! (2 de 5)

Deirdre, a chara

Tá lé mhór agam le Martina, agus sílim go bhfuil bá aici liom fosta. Is é an fhadhb go bhfuil mé ró-neirbhíseach le hiarraidh uirthi dul amach, cé go mbíonn an deis agam chuige sin amanna. Bheadh sé róthreampánach dá ndiúltódh sí, agus bheadh gach duine ag gáire fúm.

Cad é ba cheart dom a dhéanamh?

Nigel Neirbhíseach

Cad é an fhadhb?

Cén dearcadh atá ag Martina ar chúrsaí, dar leat?

Cad iad na roghanna atá ag Nigel?

Cad é ba cheart dó a dhéanamh?

Cén chomhairle a thabharfá do Nigel don todhchaí?

Acmhainn 12 (Gníomh 5)

Derek agus Deirdre –
Réidh Le Bhur gCruachásanna Caidrimh A Réiteach! (3 de 5)

Derek, a chara

Tá mé ag scríobh chugat ag iarraidh léargas a fháil ar an tsícé fhireann. Bhí mé amuigh le mo bhuachaill Jack dhá uair go dtí seo, agus níor phóg muid go fóill. Bíonn greim lámh againn ar a chéile agus is léir dom go bhfuil sé neirbhíseach, ach feictear dom gur níos amscaí a bheidh sé nuair a phógfaimid de réir mar a théann an t-am ar aghaidh.

Níor mhaith liom i ndáiríre deireadh a chur leis an chaidreamh. Tá sé greannmhar agus cineálta, agus tá suim aige i mo bharúlacha – táimid in ann labhairt ar feadh uaireanta an chloig. Tá mé ag teacht ar an tuairim go díreach nach bhfuil lé aige liom. Cad é ba cheart dom a dhéanamh?

Bronagh Bréan

Cad é an fhadhb?

Cad chuige a bhfuil Jack ag gníomhú mar seo?

Cad iad na roghanna atá ag Bronagh?

Cad é ba cheart di a dhéanamh?

Cén chomhairle a thabharfá do Bhronagh don todhchaí?

Acmhainn 12 (Gníomh 5)

Derek agus Deirdre –
Réidh Le Bhur gCruachásanna Caidrimh A Réiteach! (4 de 5)

Deirdre, a chara

Táimid ag foghlaim faoi ghnéas inár ranganna gnéasoideachais ar scoil, agus is mó is mian liom triail a bhaint as chomh luath agus is féidir. Tá a fhios agam go ndeirtear linn gur cheart dúinn fanacht go dtí go mbeidh muid i gcaidreamh dáiríre, agus gur cur in iúl grá atá sa ghnéas, ach sílim gur dearcadh seanaimseartha é sin. Sílim gur ionraice ar fad a bhíonn scannáin agus irisí faoi – tá an gnéas ar dóigh agus ba mhaith liom tosú air! Tig le mo shaol a bheith chomh leadránach sin, agus bheinn chomh gnéasúil, chomh corraitheach agus chomh speisialta sin dá ndéanfainn é.

Cad é a shíleann tú?

Emma éirithe

Cad é an fhadhb?

Cad chuige a mbeadh smaointe mar seo ag Emma?

Cad iad na roghanna atá ag Emma?

Cad iad na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith le pleananna reatha Emma?

Cad é ba cheart di a dhéanamh?

Cén chomhairle a thabharfá do Emma don todhchaí?

Acmhainn 12 (Gníomh 5)

Derek agus Deirdre –
Réidh Le Bhur gCruachásanna Caidrimh A Réiteach! (5 de 5)

Deirdre, a chara

Tá mé ag siúl amach le Conor le breis agus bliain. Ba mhaith leis go mbeadh caidreamh collaí againn, ach ba mhaith liomsa fanacht go dtí go mbeidh mé pósta. Táimid iontach dlúth agus tá grá agam dó, ach ní aontaím le caidreamh collaí roimh phósadh. Síleann seisean go bhfuil mé seanaimseartha. D'éirigh muid as a bheith ag iarraidh labhairt faoi mar ní bhíonn mar dheireadh leis ach achrann. Mothaím gur éirigh sé níos eascairdiúla liom le déanaí, agus tá eagla mhór orm go gcaillfidh mé é. Níl a fhios agam faoin spéir cad é a dhéanfaidh mé.

Áine An-Imníoch

Cad é go díreach an fhadhb?

Cad é mar atá Conor ag mothú?

Cad iad na roghanna atá ag Áine?

Cad é ba cheart di a dhéanamh?

Cén chomhairle a thabharfá d'Áine don todhchaí?